Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Samhain 2017**
**(OR. en)**

**14205/17**

**JEUN 140**
**EDUC 405**
**SPORT 92**
**EMPL 539**
**SOC 707**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13593/17 JEUN 133 EDUC 385 SPORT 84 EMPL 517 SOC 674 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le hobair óige chliste<br>*- Conclúidí ón gComhairle (20 Samhain 2017)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn Conclúidí na Comhairle maidir le hobair óige chliste, arna nglacadh ag an gComhairle ag an 3577ú cruinniú dá cuid, a reáchtáladh ar an 20 Samhain 2017.

**IARSCRÍBHINN**

## Conclúidí ón gComhairle maidir le hobair óige chliste

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH MAR A LEANAS

TUGANN SÍ DÁ hAIRE:

1. An cúlra polaitiúil a bhaineann leis an tsaincheist sin mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis na conclúidí seo.

2. Plean Oibre an Aontais Eorpaigh don Óige do 2016-2018, lena gcabhraítear le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus ar na deiseanna a eascraíonn as an ré dhigiteach sa mhéid a bhaineann le beartas óige, le hobair óige agus le daoine óga.

3. Na moltaí beartais a rinne an sainghrúpa maidir le "Na rioscaí, na deiseanna agus na himpleachtaí a ghabhann le digitiú sa mhéid a bhaineann leis an óige, le hobair óige agus le beartas óige".

AITHNÍONN SÍ:

4. Is cuid mhéadaitheach den ghnáthshaol laethúil iad na meáin dhigiteacha agus teicneolaíochtaí digiteacha agus tá siad mar cheann de na colúin tacaíochta don nuálaíocht agus don fhorbairt sa tsochaí. Is léir go bhfuil daoine óga i measc na bhfachtóirí a spreagann athrú sochaíoch, agus, tá sin mar thoradh, *inter alia*, ar an dóigh a nglacann siad go fonnmhar leis na meáin dhigiteacha agus leis na teicneolaíochtaí digiteacha.

5. Tá acmhainneacht ar dóigh ag baint le forbairtí teicneolaíochta ó thaobh cumhachtú na hóige de, trí rochtain ar fhaisnéis a chur ar fáil agus trí chur leis na deiseanna chun feabhas a chur ar chumais phearsanta agus ar inniúlachtaí pearsanta an duine aonair; trí dheiseanna a chur ar fáil chun a bheith ceangailte le daoine eile agus chun idirghníomhú leo, agus chun tuairimí a chur in iúl, chun a bheith cruthaitheach agus chun cearta agus saoránacht ghníomhach an duine a fhíorú.

6. Tá comhtháthú níos fearr i ndáil leis na forbairtí teicniúla tráth a mbeidh an óige á cumhachtú tábhachtach freisin ó thaobh an mhargaidh fostaíochta amach anseo agus ó thaobh gairm bheatha don óige.

7. Is féidir, trí fhorbairt a dhéanamh ar theicneolaíochtaí, teacht ar réitigh chliste, anailísí a dhéanamh a bheidh saibhir ó thaobh sonraí de agus nuálaíocht a thabhairt isteach sna modhanna agus sna cuir chuige a bhaineann le hobair óige, agus ar an gcaoi sin, tacaítear leis an bpleanáil, le cur chun feidhme, le sofheictheacht agus le trédhearcacht na hoibre óige agus an bheartais óige agus leis an meastóireacht a dhéantar orthusan.

8. Braitheann fíorú acmhainneacht dhearfach na meán digiteach agus na dteicneolaíochtaí digiteacha ar roinnt réamhchoinníollacha agus inniúlachtaí. Mar shampla, éiríonn an bhearna dhigiteach sa tsochaí níos mó mar gheall ar rochtain theoranta ar theicneolaíochtaí, ar thimpeallachtaí digiteacha agus ar thacaíocht agus ar oiliúint faoi seach. Ó thaobh inniúlachtaí de, tá tábhacht ag baint le litearthacht faisnéise agus litearthacht sonraí, le cumarsáid agus le comhar, le cruthú ábhair dhigitigh, le sábháilteacht agus le réiteach fadhbanna i dtimpeallachtaí digiteacha i gcás an aosa óig agus i gcás na ndaoine sin a bhíonn ag obair le daoine óga.

9. Tá gníomhaíochtaí cliste, feasacha, spriocdhírithe tábhachtach chun na hinniúlachtaí ábhartha agus na huirlisí sábháilte a fhorbairt chun cosc a chur ar na rioscaí a bhaineann leis an ré dhigiteach agus chun iad a bhainistiú, rioscaí amhail na héifeachtaí diúltacha a bhaineann le barraíocht ama ag féachaint ar scáileán, andúil idirlín, cibearbhulaíocht, gnéastéacsáil, scaipeadh an gó-scéala, bolscaireacht, fuathchaint, foréigean ar líne agus an radacú foréigneach, bagairtí ar phríobháideachas, úsáid neamhúdaraithe agus mí-úsáid sonraí agus cineálacha eile díobhála a d'fhéadfaí a dhéanamh san áireamh. Is féidir le ról ríthábhachtach a bheith ag obair óige agus ag beartais óige ó thaobh feasacht a mhúscailt agus ó thaobh cur le hinniúlachtaí daoine óga, go háirithe iad siúd ar lú na deiseanna atá acu, a dteaghlaigh, oibrithe óige, ceannairí óige agus geallsealbhóirí eile a thacaíonn leis an óige.

10. Baineann dúshláin agus deiseanna éagsúla casta leis an ré dhigiteach. Is feiniméan sochaíoch é nach bhfuiltear iomlán eolasach faoi go fóill agus a éilíonn freagairtí iomchuí. Tá tábhacht ag baint leis an gcomhar sa mhéid a bhaineann leis an óige san Aontas Eorpach agus tá tábhacht faoi leith ag baint le malartú dea-chleachtas chun tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann le hobair óige a dhéantar sna Ballstáit ón leibhéal áitiúil go dtí an leibhéal náisiúnta, agus chun breisluach a chur leis na gníomhaíochtaí sin.

TUIGEANN SÍ:

11. Gur forbairt nuálach ar obair óige é "obair óige chliste" lena gcuimsítear cleachtas digiteach maidir le hobair óige[1] , agus go n-áirítear air gné a bhaineann le taighde, le cáilíocht agus le beartas.

LEAGANN SÍ BÉIM AR AN MÉID A LEANAS:

12. San obair óige chliste, féachtar le scrúdú a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann daoine óga agus obair óige as meáin dhigiteacha agus as teicneolaíochtaí digiteacha chun tacú leis na deiseanna dearfacha a chruthaítear leis na hidirghníomhaíochtaí sin agus feabhas a chur orthu.

13. Cuireann obair óige chliste leis an eitic, leis na prionsabail atá ann cheana, leis an eolas, leis na cleachtais, leis na modhanna agus le sócmhainní eile a bhaineann leis an obair óige agus baineann sí leas iomlán as na forbairtí teicneolaíocha sa tsochaí dhigiteach.

14. Ciallaíonn obair óige chliste leas a bhaint as meáin dhigiteacha agus as teicneolaíochtaí digiteacha agus aghaidh a thabhairt orthu chun an méid a leanas a dhéanamh:

a) cur leis na deiseanna atá ann do gach duine óg ó thaobh faisnéise, rochtain ar obair óige, rannpháirtíochta, na foghlama neamhfhoirmiúla agus neamhfhoirmeálta, trí úsáid fhónta a bhaint as spáis nua agus as formáidí nua don obair óige;

b) tacaíocht a thabhairt d'oibreoirí óige agus do cheannairí óige chun go mbeidh siad spreagtha agus cuidiú leis na hoibreoirí agus leis na gceannairí sin ó thaobh fothú acmhainní agus inniúlachtaí de, chun go mbeidh siad in ann obair óige chliste a fhorbairt agus a chur chun feidhme;

c) tuiscint níos fearr a thabhairt ar an óige agus ar obair óige agus tacú le cáilíocht na hoibre óige agus an bheartais óige trí úsáid níos éifeachtúla a bhaint as forbairt sonraíbhunaithe agus as teicneolaíochtaí chun anailís a dhéanamh ar shonraí.

---

[1] Sainghrúpa maidir le "Na rioscaí, na deiseanna agus na himpleachtaí a ghabhann le digitiú sa mhéid a bhaineann leis an óige, le hobair óige agus le beartas óige": Ciallaíonn obair óige dhigiteach úsáid réamhghníomhach a bhaint as meáin dhigiteacha nó as teicneolaíocht dhigiteach san obair óige nó aghaidh a thabhairt ar na meáin nó ar an dteicneolaíocht sin. Ní modh a bhaineann le hobair óige é obair óige dhigiteach - is féidir obair óige dhigiteach a áireamh i gcás ar bith ina ndéantar obair óige (obair oscailte óige, faisnéis agus comhairliúchán don óige, clubanna óige, obair óige ar an láthair féin, etc.). Is féidir leis na cuspóirí céanna a bheith i gceist le hobair óige dhigiteach agus atá i gceist le hobair óige i gcoitinne, agus ba cheart tacú leis na cuspóirí sin i gcónaí leis an úsáid a bhaintear as meáin dhigiteacha agus as teicneolaíocht dhigiteach. Is féidir obair óige dhigiteach a dhéanamh "duine le duine" agus i dtimpeallachtaí ar líne freisin - nó trí mheascán den dá mhodh sin. Is féidir le huirlis, le gníomhaíocht nó le hábhar in obair óige a bheith i gceist le meáin dhigiteacha agus le teicneolaíocht dhigiteach.

15. Díríonn obair óige chliste ar riachtanais daoine óga, oibreoirí óige, ceannairí óige agus geallsealbhóirí eile a thacaíonn leis an óige. Cuirtear an comhthéacs níos leithne sochaíoch san áireamh le hobair óige chliste, domhandú, líonrú, ríomhréitigh etc. san áireamh, lena gcuirtear deiseanna ar fáil do thástálacha, do mhachnamh agus d'fhoghlaim ón taithí sin.

16. Ba cheart obair óige chliste a fhorbairt ar rannpháirtíocht ghníomhach na ndaoine óga iad féin, chun go mbeidh siad in ann cur ar an mbealach is fearr leis na hinniúlachtaí digiteacha atá acu cheana agus inniúlachtaí nua a fhorbairt, agus tairbhe a bhaint ag an am céanna as tacaíocht piaraí faoi seach.

17. Urramófar príobháideachas agus sábháilteacht na ndaoine óga uile le hobair chiste óige, agus déanfar a gcearta a chosaint.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN, LAISTIGH DÁ RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FAOI SEACH, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

18. Coinníollacha a chruthú d'obair óige chliste, i gcás inarb iomchuí agus mar is iomchuí, na nithe seo a leanas san áireamh:

    a) obair óige chliste a fhorbairt agus a chur chun feidhme san obair óige agus sna cuspóirí a bhaineann leis an mbeartas óige agus sna hionstraimí straitéiseacha agus airgeadais;

    b) an bhearna dhigiteach agus na míchothromaíochtaí atá ann ó thaobh rochtain ar fhorbairtí teicneolaíochta a mhapáil agus aghaidh a thabhairt orthu sa mhéid a bhaineann le daoine óga, go háirithe iadsan ar lú na deiseanna atá acu, le hoibreoirí óige agus ceannairí óige agus le geallsealbhóirí eile a thacaíonn leis an óige;

    c) tacú le forbairt na n-inniúlachtaí atá ábhartha d'obair óige chliste i gcás daoine óga, oibreoirí óige agus ceannairí óige, chomh maith le geallsealbhóirí eile a thacaíonn leis an óige, lena n-áirítear:

        – i gcás saincheisteanna, amhail litearthacht faisnéise agus litearthacht sonraí, cumarsáid agus comhar trí na meáin dhigiteacha agus na teicneolaíochtaí digiteacha, sábháilteacht i dtimpeallachtaí digiteacha etc;

        – trí chuir chuige éagsúla i ndáil le teagasc agus foghlaim i ngach cineál formáide agus ar gach leibhéal is féidir, cuir i gcás, trí obair óige chliste a áireamh sna cláir ábhartha traenála, agus sna caighdeáin ghairme agus sna treoirlínte gairme a bhaineann le hobair óige etc,;

d) samplaí de dhea-chleachtas a mhalartú i ndáil leis an úsáid a bhaintear as meáin dhigiteacha agus as teicneolaíocht dhigiteach.

19. bonneagar digiteach lena gcuirtear feabhas ar nascacht agus ar chomhpháirtíochtaí trasearnála, lena n-áirítear leis an réimse oideachais, nuálaíochta, taighde agus forbartha, cuideachtaí nuathionscanta agus an earnáil ghnó i gcoitinne. Tráth a ndéantar an méid sin, ba cheart iarracht a dhéanamh teacht ar shineirgí leis an straitéis maidir le margadh aonair digiteach don Eoraip agus le straitéisí taighde agus nuálaíochta um speisialtóireacht chliste, leis na struchtúir atá ann cheana agus le seirbhísí agus cláir, idir phoiblí agus phríobháideacha, amhail Erasmus+ agus Fís 2020.

20. Leanúint den obair i gcomhar le chéile lena áirithiú go ngníomhófar ar na conclúidí sin i gcomhthéacs na hoibre leanúnaí maidir le gnéithe straitéiseacha don chomhar Eorpach i réimse na hóige tar éis 2018.

21. Imeacht idirnáisiúnta a eagrú chun féachaint tuilleadh ar ghnéithe a bhaineann le hobair óige chliste idir Ballstáit leasmhara i rith 2017-2018.

## IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

Agus na conclúidí seo á nglacadh aici, meabhraíonn an Chomhairle ach go háirithe an méid seo a leanas:

1. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún — dar teideal Straitéis maidir le Margadh Aonair Digiteach don Eoraip (2015)

2. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Clár Oibre Nua Scileanna don Eoraip - Ag obair le chéile chun caipiteal daonna, infhostaitheacht agus iomaíochas a neartú (2016)

3. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún - Straitéis Eorpach le haghaidh Idirlín Níos Fearr do Leanaí (2012)

4. Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le cuir chuige nua a chur chun cinn san obair óige d'fhonn acmhainn daoine óga a nochtadh agus a fhorbairt (2016/C 467/03)

5. Conclúidí ón gComhairle maidir le hacmhainneacht an bheartais óige a uasmhéadú agus aghaidh á tabhairt ar chuspóirí na straitéise Eoraip 2020 (2013/C 224/02)

6. Conclúidí ón gComhairle maidir le dearcthaí straitéiseacha don chomhar Eorpach i réimse na hóige i ndiaidh 2018 (8035/17)

7. Dearbhú maidir leis an tsaoránacht agus le luachanna coiteanna na saoirse, na caoinfhulaingthe agus an neamh-idirdhealaithe a chur chun cinn tríd an oideachas (2015). Páras, 17.03

8. Dearbhú ón 2ú Coinbhinsiún Eorpach maidir le hObair leis an Óige, *Making a world of difference* [Difear ollmhór a dhéanamh], 27-30.04.2015 sa Bhruiséil

9. Comhpháirtíocht na hóige de chuid an Aontais Eorpaigh-Comhairle na hEorpa, Siompóisiam maidir le rannpháirtíocht na hóige i ndomhan digitithe, i mBúdaipeist, an Ungáir 14-16 Meán Fómhair 2015, na príomhtheachtaireachtaí ó rannpháirtithe

10. EU Kids Online. Líonra taighde ilnáisiúnta

11. An Coimisiún Eorpach (2017). DigComp 2.1: *The Digital Competence Framework for Citizens with eight proficiency levels and examples of use* [An Creat Inniúlachta Digiteach do Shaoránaigh a bhfuil ocht leibhéal cumais agus samplaí úsáide acu]

12. An Coimisiún Eorpach (2016). An Chomhghuaillíocht Scileanna Digiteacha agus Post

13. An Coimisiún Eorpach (2017). Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn Digiteach na hEorpa

14. An Coimisiún Eorpach (2017). Páipéar Bán maidir le Todhchaí na hEorpa. A bhfuil i ndán do 27 mBallstát an Aontais Eorpaigh faoi 2025 – machnamh agus cásanna féideartha. 1ú Márta 2017. COM(2017) 2025 final

15. Sainghrúpa maidir le "Na rioscaí, na deiseanna agus na himpleachtaí a ghabhann le digitiú sa mhéid a bhaineann leis an óige, le hobair óige agus le beartas óige" (2017). Sainordú agus moltaí beartais maidir leis an obair óige dhigiteach a fhorbairt

16. Moladh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hinniúlachtaí lárnacha don fhoghlaim ar feadh an tsaoil 2006/962/EC

17. Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir le hobair óige (2010/C 327/01)

18. Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le Plean Oibre an Aontais Eorpaigh don Óige do 2016-2018 (2015/C 417/01)

19. Moladh CM/Rec (2017)4 ó Choiste na nAirí chuig na Ballstáit maidir le hobair óige

20. Ardán Speisialtóireachta Cliste (An Coimisiún Eorpach)

---